Dublin City
Baile Átha Cliath

Úsáid Uisce na Scoile a Iniúchadh

Cén chaoi a ndéantar Úsáid an Uisce a Iniúchadh ar Do Scoil.

B'fhéidir go gcuirfeadh sé iontas ort nuair a gheobhaidh tú amach cá mhéad uisce atá do scoil a úsáid go fíor. B'fhéidir go gcuirfeadh sé iontas ort freisin nuair a gheobhaidh tú amach cé chomh héasca agus atá sé méid an uisce a laghdú go suntasach atá sibh a úsáid ar scoil. Is féidir leat sin a fháil amach ach iniúchadh simplí a dhéanamh ar úsáid uisce.

Beidh **Bileoga Gníomhaíochta 01-05** as **'Tá an tUisce Luachmhar. Caomhnímis É ar Scoil.'** Seo roinnt smaointe a chabhróidh leat úsáid an uisce a iniúchadh:

Sula nDéanfar Úsáid an Uisce a Iniúchadh

1. Cuir clár oideachais caomhantas uisce i gcrích ar nós: **Tá an tUisce Luachmhar. Caomhnaímis É ar Scoil.**
2. Más féidir, amharc ar bhillí uisce na scoile. Mura féidir sin, breac síos léamh an mhéadair chomh fada agus is féidir roimh an iniúchadh uisce. Ba é ab fhearr dá mbreacfaí síos léamh an mhéadair ar béal na maidine agus deireadh an tráthnóna. Breac síos na hathruithe úsáide sin thar thréimhse ama. An bhfuil tú ag úsáid uisce nuair nach bhfuil duine ar bith san fhoirgneamh, *m.sh. ag an deireadh seachtaine/san oíche?*
3. Mura bhfuil méadar uisce agat, comhlánaigh **Bileog Gníomhaíochta 01** chun meastachán a dhéanamh ar an úsáid agat. Dá bharr sin, beidh daltaí ag foghlaim faoi shreafaí a thomhas chomh maith agus gheobhaidh siad tuiscint mhaith ar thoirt.
4. Faigh léarscáil na scoile (mura bhfuil léarscáil agat, tarraing léaráid gharbh). Aimsigh suíomh na n-asraonta uisce go léir amhail leithris, cithfholcadáin, doirtil, sconnaí laistigh agus lasmuigh. Déanfar athbhreithniú ar na limistéir seo le linn an iniúchta.
5. Roinn na daltaí isteach ina bhfoirne. Is féidir leis na foirne sin suirbhé a dhéanamh i limistéar iniúchóireachta amháin nó níos mó ná sin, rud atá ag brath ar mhéid na scoile. Déan socrú le go gcabhróidh duine fásta le grúpa daltaí úsáid an uisce a iniúchadh más indéanta é. Beidh tréimhse ama 1.5 uair nó mar sin ag teastáil chun sin a chur i gcrích.
6. Deimhnigh rialacha Sláinte agus Sábháilteachta, *m.sh. ná cuir do lámha ar sconnaí teo-uisce, coinnigh do chuid éadaigh tirim, nigh do lámha tar éis cuairt a thabhairt ar limistéar na leithreas srl.*

Ba Chóir na Ceisteanna Seo a Leanas a Fhreagairt le Linn an Iniúchadh a Dhéanamh:

- An bhfuil aon ghairis choigilte uisce ar na sconnaí, *m.sh. sá-sconnaí, braiteoirí infridhearga (braiteoirí gluaiseachta), spréghairis?*

- Is féidir sreabhadh uisce as sconnaí a thomhas ach úsáid a bhaint as crúiscín tomhais mar seo a leanas:

  Méid an uisce atá ag sreabhadh as an sconna laistigh de 5 shoicind **Lítear**

  As an méid sin, is féidir leat é seo a leanas a dheimhniú:

  Méid an uisce atá ag sreabhadh as an sconna laistigh d'aon nóiméad amháin (60 soicind) **Lítear**

- An bhfuil aon ghairis choigilte uisce sna leithris, *m.sh. gairis díláithriúchán uisce i sistéil mhóra, i leithris déshruthlaithe srl.?*
- Is iondúil go bhfuil toirt an uisce de chuid na sistéal le léamh ar an taobh istigh de na sistéil. Mura bhfuil, is féidir slat tomhais a úsáid – is dócha go bhfuil sistéal 9 lítear ag seanleithris (roimh 1999) agus is dócha go bhfuil sistéal 6 lítear ag leithris nua (tar éis 1999).
- An bhfuil aon ghairis choigilte uisce sna fualáin, *m.sh. braiteoirí infridhearga, amadóirí srl.?*
- Faigh amach mar a dhéantar na fualáin a shruthlú. Déantar fualáin áirithe a shruthlú go huathoibríoch nuair a líonann an sistéal (gach 15-20 nóiméad, de ghnáth) 24 uaire sa lá, 7 lá sa tseachtain, 365 lá sa bhliain.
- An bhfuil aon ghairis choigilte uisce sna cithfholcadáin, *m.sh. braiteoirí infridhearga, sá-sconnaí srl.?*
- An bhfuil aon sconnaí/phíopaí/sistéil ann atá ag ligean?
- Seiceáil na fearais úsáidte uisce. Go ginearálta, is amhlaidh a úsáideann seaninnill níos mó uisce ná innill nua, *m.sh miasniteoir, inneall níocháin.*
- Déan athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí ina n-úsáidtear an t-uisce, *m.sh. uisce a chur ar an ngairdín, glantachán srl.*

Ar an Lá Féin a Dhéantar Úsáid an Uisce a Iniúchadh

1. Cuir i gcuimhne do bhaill foirne na scoile agus do na daltaí go bhfuil iniúchadh á dhéanamh ar úsáid an uisce agus go dteastaíonn sé uait an scoil a rochtain ar feadh timpeall 30 nóiméad.
2. Eagraigh an rang ina ngrúpaí iniúchta úsáid uisce agus ceap ceannaire, taifeadóir agus tuairisceoir foirne.
3. Leag réimsí ar leith atá le hiniúchadh amach do gach foireann iniúchta.
4. Tabhair sonraí faoin bpróiseas iniúchta úsáid uisce do na ceannairí foirne.
5. Tabhair bileoga oibre (**Bileog Gníomhaíochta 02**), pinn luaidhe agus léarscáil de thalamh agus d'fhoirgnimh na scoile amach do na daltaí.
6. Léigh na rialacha Sláinte agus Sábháilteachta go cúramach.
7. Comhlánaigh **Bileog Gníomhaíochta 02** agus aimsigh na réimsí sin ina bhfuil cur amú uisce le feiceáil.
8. Nuair a bheidh an iniúchóireacht curtha i gcrích, tabhair na foirne le chéile arís. Tuairisceoidh an Ceannaire Foirne de chuid gach grúpa ar thorthaí na foirne féin.

Trealamh

1. Clár Fáiscthe do cheannairí grúpaí.
2. Pinn agus pinn luaidhe.
3. Buicéid agus/nó crúiscíní aon lítear.
4. Stopuaireadóirí.
5. Lámhainní aon uaire.

Tar éis Úsáid an Uisce a Iniúchadh

1. Bain úsáid as smaointe a rith leat nuair a rinne tú úsáid an uisce a iniúchadh agus bain úsáid as na smaointe sin ar **Bhileog Gníomhaíochta 03** agus **04** agus faigh amach cad iad na bearta coigilte uisce a thig leat a chur i gcrích i do scoil féin. Is féidir go mbeidh comhairle saineolaí de dhíth ort.
2. Ceap plean gníomhaíochta coigilte uisce (**Bileog Gníomhaíochta 05**).
3. Inis do phobal na scoile cén toradh a bhí le húsáid an uisce a iniúchadh.
4. Cuir prótacal scoile ar bun chun sconnaí agus píopaí atá ag ligean uisce a thuairisciú.
5. Cuir feachtas feasachta caomhantas uisce ar siúl.

An bhfuil do scoil féin incháilithe Deimhniú ‘Scoil Chríonna Chnuaisciúnach maidir le hUisce a Úsáid’ a fháil ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath?

Tá trí chéim i gceist le do scoil féin a bheith ina Scoil Chríonna Chnuaisciúnach ó Thaobh an Uisce de:

1. Cuir clár oideachais caomhantas uisce i gcrích ar nós: **Tá an tUisce Luachmhar. Caomhnímis É ar Scoil.**
2. Cuir iniúchadh uisce i gcrích.
3. Cuir i gcrích plean gníomhaíochta coigilte uisce.

Má chuir tú gach céim i gcrích, iarrtar ort cóip de phlean gníomhaíochta uisce na scoile mar aon le hachoimre ghearr ar an obair a rinne tú a chur ar aghaidh chuig **sinead.hourihane@dublincity.ie** nó cuir sa phost é chuig **Sinéad Hourihane, Oifigeach Caomhantais Uisce, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Roinn Comhshaoil agus Innealtóireachta, An Rannán Seirbhísí Uisce, 68-70 Lána Mhuire Mhaith, Baile Átha Cliath 8.**

Agus gheobhaidh tú

Teastas a dheimhníonn go bhfuil Do Scoil ina Scoil Chríonna Chnuaisciúnach maidir le hUisce a Úsáid